



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0400/A(COD)

9424/1/19
REV 1

CODEC 1105	AGRILEG 97
INST 138	IND 177
JUR 262	COMPET 413
TELECOM 232	MAP 11
DEVGEN 108	POLARM 7
EMPL 278	COARM 85
SOC 368	CSDP/PSDC 248
ENER 273	CFSP/PESC 390
ENV 491	CONSOM 169
STATIS 39	SAN 254
ECOFIN 501	JUSTCIV 122
DRS 42	AVIATION 111
EF 199	TRANS 345
MI 451	MAR 111
ENT 136	UD 145
CHIMIE 81	CLIMA 143

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 14 Nollaig 2016, sheol an Coimisiún an togra¹, atá bunaithe ar Airteagail 33, 43(2), 53(1), 62, 64(2), 91, 100(2), 114, 153(2)(b), 168(4)(a), 168(4)(b), 172, 192(1), 207, 214(3), agus Airteagal 338(1) CFAE, chuig an gComhairle.

¹ 5623/17.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 1 Meitheamh 2017².
3. Ar an 1 Nollaig 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh³.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa⁴ ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin, agus leis an ráiteas ón gComhairle mar a leagtar amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo é, agus a chuirfear isteach i dtaifead achomair chruinniú Choiste na mBuanionadaithe.
6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle chomh maith:
 - an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 65/19 é, a fhorghnóthas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
 - a chinneadh go gcuirfear na ráitis atá in Aguisíní 1 agus 3, a ghabhann leis an nóta seo, isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;
 - a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhorghnóthas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

² IO C 288, 31.8.2017, lch. 29.

³ IO C 164, 8.5.2018, lch. 82.

⁴ 8448/19.